Nathair Bhíseach

AIRGEAD

FEARAS	Buidéal plaisteach 500ml agus claibín air. Meana Crúiscín nó babhla mór nó buicéad d'uisce te. Bheadh fleasc Thermos áisiúil anseo. Sop láidir Blu-Tack nó Marla dathú bia, pípéad súl Doirteal, nuachtán, braillín plaisteach
ULLMHÚCHÁN	Bíodh radaitheoir ar fáil agus spás os a chionn ionas gur féidir na nathracha a chrochadh i.e. ná bíodh seilf díreach os a chionn.
CÚLRA	Tá aer te níos éadroime ná aer fuar. Éiríonn an t-aer te agus tagann aer fuar isteach chun an spás a líonadh. Seo is cúis le sruthanna aeir – istigh agus amuigh. Glaoitear sruthanna comhiompar orthu seo. Éiríonn an t-aer te suas ón radaitheora agus casann sé seo an nathair.
SCILEANNA	Ag déanamh, ag breathnóireacht
GNÍOMHAÍOCHT	Tarraing cruth bíseach ar leathanach agus dathaigh é mar nathair. Gearr amach an nathair agus ceangail píosa snáithe dá chloigeann. Croch os cionn an radaitheora te é. Casann an nathair san aer atá ag éirí ón radaitheoir. Is féidir leis na páistí a gcuid nathracha a thabhairt abhaile leo.
SÁBHÁILTEACHT	**Tabhair aire le:** **Snáthaid** **Radaitheoir te**
LEATHNÚ	Is féidir leis na páistí a gcuid ceisteanna féin a chumadh faoi ghluaiseacht teasa agus conas na ceisteanna a thástáil.



Nathair Bhíseach ar lean

1. Tarraing cruth bíseach ar leathanach agus dathaigh é mar nathair
2. Gearr amach an nathair go cúramach.
3. Cuir snáth i snáthaid. Cuir an tsnáthaid trí chloigeann na nathrach agus cuir snaidhm ar an snáth ionas nach dtiocfaidh sé tríd an gcloigeann
4. Croch an nathair os cionn an radaitheora te.

Sábháilteacht:
Tabhair aire leis an snáthaid agus an radaitheoir te

Chun an nathair a choimeád ag gluaiseacht níos faide cuir ar bhior pinn luaidhe í trí pholl beag a dhéanamh sa chloigeann. Coimeád an peann luaidhe ingearach tríd an mbun a sheasamh i bpíosa marla ar an radaitheoir.